Barrúla Óganaċ fa'n Ġaeltaċt

Oráideaċa Scolairí do Rúnaí Pairliminte na Gaeltaċta

Mar ṡompla inspéise de tuairmí scolairí faoi an Gaeltaċt tugaimid anseo na hóráideaċa a rinne Dónall Mac Flannċaiḋ agus Áine Nic Giolla Cearra le linn cuairt an Rúnaí Pairliminte ar Coláiste Cróna.

Dónall Mac Flannċaiḋ

A Ċaṫaoirliġ, a Rúnaí Pairliminte, a Aiṫreaċa Urramaí agus a Uaisle,

Tá lúṫġáir mór orm fáilte a ċur roiṁ Rúnaí Pairliminte na Gaeltaċta, Rúnaí na Roinne agus na h-uaisle eile, anseo go Coláiste Cróna. Tá fáilte speisialta againn roiṁ an Uasal Ó Faċtna, os rud é go raiḃ sé féin 'na Rúnaí ar Ċoláiste Gaeilge ar feaḋ tamaill sul ar ceapaḋ é ina Rúnaí Pairliminte. Agus mar sin de, is cinnte go dtuigeann sé ceist na Gaeltaċta go réasúnta maiṫ, agus ceist na gColáistí Samhraiḋ ċom maiṫ.

Tá lúṫáir orainn go dtug sé cuairt anseo ar Ċoláiste Cróna, agus ar Oileán Árann, agus tá muid ag súil go raċaiḋ an ċuairt sin ar soċar do ṡlánú na Gaeltaċta insan aimsir romainn.

Ṫáinig muidne anseo as gaċ cearn den tír, ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus lár na tíre, agus na Sé-Ċondaeṫa, ag cur feaḃas ar ár gcuid Gaeilge, agus ag éisteaċt leis an teanga mar ṫeanga ḃeo, ó ṁaidin go h-oíċe. Níl an teanga beo mar sin in áit ar biṫ aċ ins na ceantair Gaeltaċta, ⁊ tá sé ṫar a ḃeiṫ táḃaċtaċ don teanga, don aṫḃeoċaint, agus don náisiún seo, go gcoiméadfaí na ceantair seo, ina Gaeltaċtaí agus os cionn gaċ rud, go gcoiméadfaí an pobal iontu, go mbeiḋ faill ag pobal óg na tíre gaċ áit an Ġaeilg a ṫógáil leo.

Aċ ní ṫig an teanga a ċoinneáil ins na ceantair Gaeltaċta, muna dtig le pobal na Gaeltaċta fanaċt sa ḃaile, agus ní ṫig leo sin a ḋéanaṁ muna ḃfuil obair le fáil acu sa ḃaile. Agus is millteanaċ an rud, agus is uafásaċ an rud é, daċad bliain indiaiḋ an rialtas s'againn ḟéin a ḃeiṫ curṫa ar bun, naċ ḃfuil an obair sin le fáil insan ċuid is mó de na ceantair Gaeltaċta go fóill.

Tá súil againn anois, go ḃfuil fear óg éifeaċtaċ cumasaċ, mar an Rúnaí Pairliminte, i mbun gnóṫa, naċ fada go ḃfeicimid pobal óg na Gaeltaċta ag obair agus ag tarraingt páí na seaċtaine sa ḃaile ina gceantar féin, in áit a ḃeiṫ ag imeaċt go hAlbain agus go Sasain.

Aríst, cuirimid fíorċaoin fáilte roiṁ an Uasal Ó Faċtna agus Oifigiġ a Roinne, go hÁrainn. Tá súil againn go mbeiḋ tráṫnóna pléisiúrṫa taiṫneaṁaċ acu in Árainn, agus go ḃfeice siad na h-áiteaċa deasa atá mórṫimpeall. Tá áṫas ar leiṫ orainn iad a ḃeiṫ anseo i gColáiste Cróna, agus geallaimid don Uasal Ó Faċtna agus a ċáirde, go ḃfuil muidne, pobal óg na hÉireann, ċun seasaṁ leis an Ġaeilge, ⁊ ċun obair na nglún a ċuaiġ romainn, a ċríoċnú, agus a taḃairt ċun forḃarṫa, aċ, ba linn a iarraiḋ air, cur ar ár gcumas an obair sin a ḋéanaṁ, leis an Ġaeltaċt a ċoinneáil slán, buan, agus níl aċ dóiġe aṁáin ċun sin a ḋéanaṁ — obair a ṫaḃairt do ṗobal óg na Gaeltaċta.

Fáilte roṁaiḃ, agus go mbainfiḋ siḃ aoiḃneas agus sult as ḃur gcuairt ar Árainn.

Áine Nic Giolla Cearra

A Ċaṫaoirliġ, a Uaisle, a Ṡagṡagairt Urramaċ agus a Ċáirde.

Cuidim-se leis an rún fáilte a ṁol Dónall Mac Ḟlannċaiḋ agus tá áṫas ar leiṫ orainn uiliġ go ḃfuil daoine mar an tUasal Ó Faċtna i mbun Roinn na Gaeltaċta. Mar dúirt Dónall, ḃí sé 'na Rúnaí ar Ċoláiste Gaeilge ar feaḋ tamaill maiṫ; coláiste a ḃí bunaiṫe roiṁ Coláiste Cróna, agus a ḃí, mar adéarfá, ag déanaṁ réiḋ an ḃealaí, fá ċoinniḃ Coláiste Cróna.

Ceart go leor, ḃí Rann na Feirste go h-iontaċ maiṫ go dtí gur bunaíoḋ Coláiste Cróna, aċ, anois, caiṫfiḋ sé an dara h-áit a ġlacaḋ.

Is mór an aoiḃneas a ċuir sé orainne, daoine óga ó aċan ċearn don tír, a ṫeaċt anseo, agus Gaeilge a ḟoġlaim, agus a tógáil leo, ní hé mar áḃar scoile aċ mar gnáċ ċaint an lae, agus spórt agus caiṫeaṁ aimsire pléisiúr, agus cuideaċta a ḃeiṫ againn fríd Ġaeilge, agus go bráṫ arís, ní ḃeiḋ an Ġaeilge mar áḃar toir scoile againn, aċ tuigimíd gurb í ár dteanga féin í, an teanga a ba ċeart a ḃeiṫ againn ó ḋúċais, ón ċliaḃán, aċ go ḃfuil cúiseanna staire ann a ḃain an teanga dinn ar feaḋ tamaill.

Aċ, tá rud aṁáin a ċuir iontas, agus níos mó ná iontas, alltaċt, orainn, agus sin an dóiġe atá ar an Ġaeltaċt go fóill. Tá sé daċad bliain ó cuireaḋ na Sasanaiġ amaċ, agus cuireaḋ rialtas dár gcuid féin ar bun fá ċoinniḃ an ċuid seo don tír, agus ṡíl muidne i gcónaí, nuair a ḃeaḋ an Rialtas sin ar bun, go mbeaḋ ceart ⁊ coṫrom, agus b'ḟéidir níos mó ná coṫrom, le fáil ag pobal na Gaeltaċta.

Goidé an t-iontas a ḃí ar ċuid maiṫ againn nuair a ṫáinig muid ċuig áiteaċa mar Árainn. Agus ċonaic muid, agus ċuala muid naċ raiḃ obair ar biṫ le fáil ag pobal óg na Gaeltaċta, agus naċ raiḃ siad, indiaiḋ an scoil a ḟágáil dioḃa, aċ ag imeaċt leo anonn go h-Albain agus go Sasain, agus gan aid a ċaiṫeaṁ níos mó ná cúpla seaċtain sa ḃaile sa Ġaeltaċt na ḋiaiḋ sin.

Is iontaċ an rud go mbeaḋ a leiṫéid amlaiḋ. Is iontaċ an rud go mbeaḋ naonṁar as aċan deiċniúr, den dream seo againn — an 200 scoláirí Coláiste Cróna. agus go mbeimís cinnte go mbeaḋ 9 as gaċ 10 againn ag obair in Éirinn, nuair a eireóiḋ muid giota beag eile níos sine. Agus leoga, is olc an rud go mbeaḋ ar fiú aṁáin duine as gaċ deicniúr imeaċt.

Aċ, goidé ċoṁ h-olc agus atá an scéal sa Ġaeltaċt, nuair atáṫar cinnte de go gcaiṫfiḋ naonṁar as gaċ deiċniúr páistí imeaċt leo go hAlbain nó go Sasain.

Sin an rud is mó atá roiṁ Aire na Gaeltaċta, agus Oifigiġ a Roinne, an ċeist sin a réiteaċ gan ṁoill. agus a ḋéanaṁ cinnte go mbeiḋ pobal óg na Gaeltaċta sa ḃaile, sa dóiġe go dtig leis an Ġaeltaċt maireaċtáil, agus go dtig le daoine óga ó aċan ċearn don tír, leanúint ag teaċt na Gaeltaċta ċun an teanga beo a ṫaḃairt leo.

Tá muid ag braṫ ar an Uasal Ó Faċtna, mar adúirt Dónall Mac Ḟionnlaoiċ leis an ċeist seo a réiteaċ, agus béimíd ag meas a ċuid oibre de réir an méid daoine óga a ċuireann sé in obair ṡeasta insan Ġaeltaċt, ins na blianta romainn.

Arís. tar ċeann scoláirí Coláiste Cróna, cuireann muid fáilte roiṁe go hÁrainn, agus tá súil againn go mbeiḋ tráṫnóna taiṫneaṁaċ aige in Árainn, agus tá súil againn fosta go mbeiḋ céilí a ḃarraíoċt ag na scoláirí.

Leaṫanaċ na nDéagóirí

Eiríotar cleaċtaiṫe le gaċ rud 'deirtear, agus sé a ḋalta sin ag na ranganna é. Cé naċ ḃfuil na meán-scoltaċa ró ḟada ar oscailt, tá na ranganna ag dul ar aġaiḋ anois, díreaċ dá mbeaḋ siad ar siúl gan stopaḋ le fada an lá. D'oscail cuid acu ċoṁ lua leis an gcéad lá den ṁí, aċ an ċuid is mó acu, níor oscail siad go dtí an oċtú lá den ṁí. Aċ, anois féin, tá na laeṫa saoire ċoṁ fada ar ṡiúl le seana ċeo ar na sléiḃte, agus déagóirí óg agus sean go gnóṫaċ ag dul ċun cinn le obair na bliana, agus ag cuiṁniú ar na scrúdúċáin atá rompa ag deireaḋ na scoil-ḃliana.

Cloisim gurb é an tuairim coitianta imeasc na ndéagóirí ṫar nais ar scoil, gurb ag an dream a ḃí ins na Coláistí Samhraiḋ Gaeltaċta a raiḃ an saoire ab' ḟearr ar fad. Níl fuiġeall molta fágṫa ar na Coláistí céanna de réir nascálta a ċluinimíd, agus is fada le cuid acu go dtéiġ siad ṫar-nais acu.

"Ní h-ionann ċor ar biṫ," arsa ċailín aṁáin liom, "dul go dtí an Ġaeltaċt, agus dul ar ċeann de na coláistí san Ġalltaċt. Ins na coláistí sin bíonn tú dúnta istiġ ar feaḋ an lae, agus ní ḃíonn do ċoṁluadar agat, aċ do ċoṁ-scoláirí, agus ní ċluineann tú aċ aṁáin a gcuid Gaeilge siúd. Aċ, sa Ġaeltaċt féin ar na Coláistí Samhraiḋ, bíonn na ranganna agat ar maidin, agus cluineann tú an Ġaeilge go nádúrṫa ó ṁaidin go h-oíċe. Agus ṫairis sin, bíonn cuideaċta agat le muintir na Gaeltaċta ag na siúlóidí agus scoraíoċtanna ins na tiṫe, agus go h-áiriṫe ag na céiliṫe insan oíċe. Is fearr don Ġaeilge, don ḃlas agus don líofaċt, agus is fearr i ḃfad mar cuideaċta agus caiṫeaṁaimsire tréimse insan Ġaeltaċt, ná ar coláiste cónaí in áit eile sa tír.

Aċ, ba ṁór an trua dá stadfaí ar fad do nós laḃarṫa na Gaeilge a cleaċtaíoḋ ins na Coláistí Samhraiḋ sa Ġaeltaċt. Cinnte, ḃí an rial iontaċ daingean ansin gan aon Ḃéarla laḃairt, agus ní ḟéadfaí é sin a ḋéanaṁ ar feaḋ na bliana, leis an méid Ḃéarlóirí atá ins na gnáċ scoltaċa agus daoine eile a castar ort. Aċ, naċ ḃféadfaḋ na daoine a ḃí ar na Coláistí Gaeltaċta, saġas socrú a ḋéanaṁ eatarṫa féin, agus lá aṁáin gaċ seaċtain a leagan amaċ agus iarraċt a ḋéanaṁ ar ril na Gaeilge a ċoinneáil don lá aṁáin sin.

Cluinim go ḃfuil an socrú sin dá ḃeartú ag na scoláirí ó Coláiste Cróna, agus go ḃfuil sé i ḃfeiḋm ag dá ċeann nó trí cinn de na meán-scoltaċa lae. Is maiṫ an sompla é do ḋaoine a ḃí ar Ċoláistí Samhraiḋ eile, agus b'ḟiú go leanfaí leis an nós, nó dá n-eireóḋ le daoine lá aṁáin a ḋéanaṁ sa tseaċtain le Gaeilge ar fad, ba ṁór a raċaḋ sé ar soċar do na scoláirí féin lena líofaċt a ċoinneáil suas, agus ḃeaḋ sé mar tús leis an Ġaeilge a leaṫnú píosa eile.

Cloisim go ḃfuil na múinteoirí agus na scoláirí san Ċloċar in Éadan Doire, ag maisiú seomra an árd-ranga ansin, le pictiúirí de Ġaeltaċt Árann Móire. Sin é adeir an tSiúr Treasa Seosaṁ. Ḃí scór de na cailíní ón Ċloċar seo i gColáiste Cróna agus ḃí cuiṁní an deasa arais acu ón ċoláiste. Déanta na fírinne, ḃí cuid maiṫ acu ag gol ag fágáil dóiḃ. "Tá rún agam dul arais an ḃliain seo ċugainn," arsa duine aṁáin liom, "agus tá an rún céanna ag gaċ cailín eile."

An ḃfuil sé ró lua do comórtaisí fós? Measaim go ḃfuil agus gan daoine socraiṫe síos i gcionn oibre.

Mar sin de, fágfaiḋ muid an céad comórtas go dtí an tseaċtain seo ċugainn, agus beiḋ comórtas don ḃun-rang agus don árd-rang ansin.

Ċaill Ógánaiġ Gaoṫ Doḃair

Ḃí cluiċe breá i mḂéalaċ Feiċ idir Gaoṫ Doḃair agus Árd a' Ráṫa, insan ċéad leaṫ, aċ insan dara leaṫ ḃí barraíoċt troda ⁊ barraíoċt aċrann ar siúl, agus mill sé an cluiċe, agus an imirt. Ḃí a ṡáiġ le ḋéanaṁ ag an moltóir, P. S. Ó Riain, as Leitir Ceanainn, le cineál éigin ordú a ċoinneáil.

B'éigin dó ḋó imirṫeóir ó gaċ taoḃ a ċur ċun an taoḃlíne. Agus níor ċríoċnaiġ an trioblóid le deireaḋ an ċluiċe, nó ḃí sé ar siúl i seomra cóiriṫe 'na ḋéiḋ, agus fiú aṁáin amuiġ ar an tsráid. Árd a' Ráṫa na peileadóirí ab' ḟearr, agus ḃí an craoḃ tuillte acu. Níol rimir siad árd ṗeil aċ an oireaḋ.

Má táṫar le spreagaḋ agus bárr - ṡaṁailteaċa Ċumann Lúṫ-Ċleas Gael a ċoinneáil in uaċtar, caiṫfiḋ na h-imirṫeoirí smaċt níos fearr a ḃeiṫ acu orṫa féin, agus caiṫfiḋ luċt an eagraíoċt é sin a ċur in iúl dioḃa go daingean.

Lá Breiṫe an tSeaċtain seo

Lá breiṫe aoiḃinn do na daoine seo:

Luan, 20ú Lá; Eilis Ní Ḋonnaḃáin, 90 Bóṫar Baile Teampall, Áṫa Cliaṫ.

Céadaoin, 22ú Lá; Stiofánaí Ní Ċaoṁánaiġ, Cloċar Íosa ' Muire, Crois Uí Ṁaoilḟíona.

Diardaoin, 23ú Lá: Máire Ní Eaṁain, Baile an Raṫa, Éadan Doire.

Doṁnaċ, 26ú Lá: Máirtín Ó Raġallaiġ, Béal Tairbinn.

Baile na Finne

De ḃárr gur laḃair S. Mac Ruaiḋrí, Co.C., ar a son, h-íocaḋ cúiteaṁ le roinnt feirmeoirí ṫart timpeall Baile na Finne, ón Ċoṁairle Condae, as gur glacaḋ cuid dá gcuid talaṁ fá ċoinniḃ leaṫnú ar na bealtaí móra.

Ní raiḃ aċ fíor ḃeagán ainṁíṫe ar tairiscint ar aonaċ Ḃaile na Finne Dé hAoine. Ċuaiġ bearraiġ dá-ḃliana ó £48-£50 agus bultáin ó £46-£54. Ḃí caoirí uain dá ndíol ar £5 go dtí £5-10s, ⁊ uain ó £2 go dtí £3.

I dTeaċ Pobail Naoṁ Columba, Baile na Finne, pósaḋ Annraoi Ó Giobúin. an dara mac do Aoḋ Ó Giobúin agus a ḃean, Loċ Bearra, An Duḃċarraiġ, agus Aingeal C. Ní Tiománaiġ, iníon do S. S. Ó Tiománaiġ, agus a ḃean, Mín a' Taṁnaiġ. Baile na Finne. An tAṫair S. Mac Ḟloinn, S.C., Baile na Finne, a ṗós iad, le Aifreann an Ṗósta ⁊ Beannaċt an Ṗápa. Pádraic Mac Giobúin agus Seán Mac Giobúin a ṡeas leis an ḟear, agus a deirfiúraċa. Caitlín agus Gearóidín, leis an ḃrideóig. Ḃí an brideóg ag caiṫeaṁ gúna lán-ḟad de satin bán, agus ḃeil go dtí na guailneaċa. D'iompar sí bláṫ-ḟleasc de carnations dearga. Gúnaí bán-dearg le cinn-ḃirt ag cur leo, a ċaiṫ na cailíní. Ḃí an ḃainis i dTeaċ Jackson's, i mBealaċ Féiċ, agus 'na ḋéiḋ sin ċuaiġ an lánúin nua-pósta ar mí na meala go Jersey.

Gleannḃarr

Táṫar ag cuir cóta graiḃéal ar an ḃealaċ mór nua, Sliġe an Uaignis, ag Ceann an Ċnoic ar na laeṫe seo. Indiaiḋ sin cuirfear cóta tarra air. Táṫar a' dréim go mbéiḋ sé réiḋ crpoċnaiṫe roiṁ ḋeireaḋ na míosa seo ċugainn. Ċan aṁáin go mbéiḋ an bealaċ mór seo an oiriúnaċ do na daoine aġá na gcónaí ar an taoḃ ṫiar de Loċ Súilí idir Raṫ Ṁaoláin agus Íoċtar Ḟanaide óir fágfaiḋ sé an aistear idir an dá áit seo deiċ míle níos giorra aċ béiḋ sé 'na ṫarraingt an mór fosta do ṫurasóirí óir níl leaṁ no innse béil ar an raḋarc atá le fáil ón ḃealaċ ṁór seo.

Tá'n tarḃar beagnaċ uiliġ apaiḋ ar fud an ċeantair seo aċ tá'n aimsir coṁ dona sin na dtig a ḃaint. Tá'n Ṁeán Fómair ag gluaiseaċt ṫart agus tá aċan gné go mbéiḋ fómar mall ann. Tá bárr réasúnta maiṫ coirce ann aċ leis an ḟliuċlaċ tá contúirt go dtiocfaiḋ aṫ-ḟás ar an ċoirce agus tá sin an doċraċ ar an ḃarr.

Ḃí droċ aonaċ ar an Ċeaṫrúin Caoil ar an tseaċtain seo ċaite. Díomaiṫe de ainṁí móra láidre no ba ionlaoiġe ní raiḃ éileaṁ nó luaċ ar ainṁí beaga. Ḃí pigíní oċt seaċtaine ag dul idir £6 agus £7 bpunt aċ ní raiḃ ceannaċt ar biṫ ar piġíní níos óige na sin.

Cuiṁní Camera ar Coláiste Cróna

Scíṫ idir muir agus tír—agus súil ar an ċamera.